An Lárionad Faireacháin Eorpach
um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí

# News release

CUIREANN EMCDDA TÚS LE HIDIRTHRÉIMHSE BHLIANA CHUN ULLMHÚ DO THODHCHAÍ NUA

## Tugann reachtaíocht nua cumhachtaí níos láidre don Eoraip chun dul i ngleic le fadhbanna drugaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo

(30.6.2023, LIOSPÓIN) Tugann reachtaíocht nua a foilsíodh inniu cumhachtaí níos láidre don Eoraip chun dul i ngleic le fadhbanna drugaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Leis an Rialachán nua ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déantar athbhreithniú ar shainordú an **Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA)**, d'fhonn coinneáil suas le feiniméan drugaí atá ag éirí níos casta agus atá ag athrú go tapa.

Tiocfaidh an Rialachán, atá in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* inniu, i bhfeidhm amárach, lena gcuirfear **EMCDDA** ar bhliain idirthréimhse chun ullmhú leis an sainordú nua a chur chun feidhme.
Beidh **EMCDDA** ina **Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA)** ón 2 Iúil 2024 amach, an lá a thiocfaidh an rialachán i bhfeidhm.

Bunaíodh **EMCDDA** in 1993 chun faireachán a dhéanamh ar fheiniméan na ndrugaí agus chun sonraí a chomhchuibhiú agus a chaighdeánú. Le blianta beaga anuas, áfach, tá méadú tagtha ar dhícheangal idir castacht agus forbairtí fheiniméan drugaí an lae inniu agus soláthar an tsainordaithe reatha. Le sainchúram níos réamhghníomhaí, agus é curtha in oiriúint don staid mar atá faoi láthair, is fearr a bheidh an **EUDA** nua in ann tacú leis an AE agus lena Bhallstáit maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn sa réimse sin. Beidh sé sin ar siúl i dtrí phríomhréimse: **faireachán**, **ullmhacht** agus**forbairt inniúlachtaí** le haghaidh idirghabhálacha níos fearr.

Tá an reachtaíocht nua bunaithe ar thogra ón gCoimisiún Eorpach an 12 Eanáir 2022, inar iarradh sainordú ní ba láidre don ghníomhaireacht a thabharfadh ar a cumas na cúraimí is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bhaineann le drugaí aindleathacha. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an AE an t-acht an mhí seo, de réir ghnáthnós imeachta reachtach an AE.

Beidh an bailiú, anailís agus scaipeadh sonraí fós mar phríomhchúram **EUDA**. Déanfaidh an ghníomhaireacht nua an méid seo a leanas freisin:

- **cumais mheasúnaithe ar bhagairtí a fhorbairt** i réimsí na sláinte agus na slándála, agus ar an gcaoi sin ullmhacht an AE a mhéadú chun na bagairtí nua sin a shainaithint agus freagairt dóibh;
- **foláirimh a eisiúint**, trí chóras nua Eorpach um fholáireamh drugaí, nuair a thagann substaintí ardriosca ar an margadh (lena gcomhlánófar córais náisiúnta foláirimh agus Córas Luathrabhaidh an AE maidir le substaintí sícighníomhacha nua);
- **Faireachán a dhéanamh ar úsáid shubstaintí iolracha agus aghaidh a thabhairt air sin**, rud atá ag éirí níos coitianta agus d'fhéadfadh iarmhairtí díobhálacha sláinte a bheith ag baint leis;
- **líonra saotharlann fóiréinseach agus tocsaineolaíoch a bhunú** chun malartú faisnéise a chothú maidir le treochtaí agus forbairtí nua agus chun oiliúint a chur ar shaineolaithe fóiréinseacha náisiúnta ar dhrugaí;
- **idirghabhálacha agus dea-chleachtais atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a chur chun cinn;**
- **taighde agus tacaíocht a chur ar fáil**, maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte agus le margaí drugaí agus soláthar drugaí araon;
- **tacú le beartais atá bunaithe ar fhianaise a mheasúnú agus a fhorbairt go neamhspleách;**

Teagmhálaí: Kathy Robertson, caidreamh leis na Meáin
Praça Europa 1, Cais do Sodré, 1249-289 Liospóin, an Phortaingéil
Teil. (351) 211 21 02 00 I (351) 935 994 027 I press@emcdda.europa.eu I emcdda.europa.eu

- **ról idirnáisiúnta níos láidre a ghlacadh** agus tacú leis an AE i ndáil le beartas drugaí ar an leibhéal iltaobhach;
- **ról na bpointí fócasacha náisiúnta a threisiú** chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit in ann sonraí ábhartha a bhaineann le drugaí a chur ar fáil don ghníomhaireacht.

Dúirt **Cathaoirleach Bhord Bainistíochta EMCDDA Franz Pietsch**: 'Is garsprioc thábhachtach í reachtaíocht an lae inniu maidir le feabhas a chur ar an gcaoi a dtéann an Eoraip i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i réimse na ndrugaí. Táimid muiníneach go dtabharfaidh Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh, ó 2024 ar aghaidh, lena misean nua oiriúnach don fheidhm, tacaíocht níos fearr do lucht ceaptha beartas agus do ghairmithe na hEorpa agus na mBallstát i réimse na ndrugaí chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le húsáid drugaí. Cuirimid ár mbuíochas ó chroí in iúl don Choimisiún Eorpach as an togra reachtach a sheoladh, agus d'Uachtaránachtaí na Fraince, na Seice agus na Sualainne ar Chomhairle an AE, agus do Pharlaimint na hEorpa freisin, gach ceann díobh a d'oibrigh chomh tapa sin chun an togra a ghlacadh'.

Dúirt **Stiúrthóir EMCDDA Alexis Goosdeel**: 'Le 30 bliain anuas, tá athruithe réabhlóideacha feicthe againn ar mhéid agus ar nádúr fheiniméan na ndrugaí agus, sa lá atá inniu ann, tá méadú ag teacht ar éagsúlacht an tsoláthair agus na húsáide drugaí san Eoraip. Leis an sainordú nua, tacóimid leis an AE agus lena Bhallstáit aghaidh a thabhairt ar an gcás sin agus neartóimid ullmhacht an AE. Chun é sin a bhaint amach, cuirfimid ceithre chatagóir seirbhíse ar fáil: réamh-mheasúnú a dhéanamh ar dhúshláin nua agus ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo; aird a tharraingt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar bhagairtí a bhaineann le drugaí; measúnú a dhéanamh ar riachtanais agus ar fhreagairtí atá ar fáil; agus eolas agus dea-chleachtas nua a mheasúnú agus a scaipeadh. Táimid réidh chun tabhairt faoin iarracht seo agus táimid ag tnúth le sibh a fheiceáil i gceann bliana chun ár ngníomhaireacht nua a sheoladh.'

**Nótaí:**

*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, L 166, Imleabhar 66, 30 Meitheamh 2023.
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ:L:2023:166:TOC

Rialachán (AE) 2023/1322 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 maidir le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006.
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.L_.2023.166.01.0006.01.ENG&toc=OJ%3AL%3A2023%3A166%3ATOC